**CINNEADH (CBES) 2021/1013 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Meitheamh 2021**

**lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Aibreán 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/598 ([1]), lena gceaptar Peter BURIAN mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Áise Láir.

(2) An 25 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/904 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Peter BURIAN mar ISAE don Áise Láir. Rinneadh an Cinneadh sin a leasú go deireanach le Cinneadh (CBES) 2021/282 ([3]) ón gComhairle. Rachaidh sainordú ISAE in éag an 30 Meitheamh 2021.

(3) Ba cheart Ionadaí Speisialta nua an Aontais Eorpaigh don Áise Láir a cheapadh ar feadh tréimhse 20 mí.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Leis seo, ceaptar Terhi Hakala mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISEA) don Áise Láir ón 1 Iúil 2021 go dtí an 28 Feabhra 2023. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí síneadh a chur le sainordú ISAE nó é a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

*Airteagal 2*

**Cuspóirí beartais**

Bunófar sainordú ISAE ar thosaíochtaí beartais an Aontais san Áise Láir. Áirítear ar na cuspóirí sin:

(a) dea-chaidreamh agus dlúthchaidreamh a chur chun cinn idir an tAontas agus tíortha na hÁise Láir ar bhonn comhluachanna agus comhleasanna mar a leagtar amach i gcomhaontuithe ábhartha;

(b) rannchuidiú le neartú na cobhsaíochta agus an chomhair idir na tíortha sa réigiún;

(c) rannchuidiú le neartú an daonlathais, an smachta reachta, an dea-rialachais agus urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha san Áise Láir;

(d) aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí, go háirithe ar na fadhbanna sonracha a bhfuil impleachtaí díreacha acu don Aontas;

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/598 ón gComhairle an 15 Aibreán 2015 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 99, 16.4.2015, lch. 25).

([2]) Cinneadh (CBES) 2018/904 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 161, 26.6.2018, lch. 12).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/282 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/904 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 62, 23.2.2021, lch. 45).

(e) éifeachtacht agus infheictheacht an Aontais sa réigiún a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhordú níos dlúithe le comhpháirtithe ábhartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus na Náisiúin Aontaithe.

*Airteagal 3*

**Sainordú**

1. Chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh mar shainordú ag ISAE:

(a) comhordú polaitiúil foriomlán an Aontais a chur chun cinn san Áise Láir agus cuidiú le comhsheasmhacht a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais sa réigiún;

(b) rannchuidiú le próiseas cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le Comhpháirtíocht Nua leis an Áise Láir, arna chomhlánú le conclúidí ábhartha ón gComhairle agus le tuarascálacha ina dhiaidh sin ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis an Aontais don Áise Láir, moltaí a dhéanamh agus tuarascáil a chur faoi bhráid comhlachtaí ábhartha na Comhairle ar bhonn rialta;

(c) cúnamh a thabhairt don Chomhairle chun breis forbartha a dhéanamh ar bheartas cuimsitheach i ndáil leis an Áise Láir;

(d) súil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí polaitiúla san Áise Láir trí dhlúththeagmháil a dhéanamh agus a choimeád le rialtais, parlaimintí, na breithiúna, an tsochaí shibhialta agus na hollmheáin;

(e) moladh don Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin oibriú le chéile ar shaincheisteanna réigiúnacha leasa choitinn;

(f) teagmhálacha agus comhar iomchuí a fhorbairt leis na príomhghníomhaithe leasmhara sa réigiún, agus leis na eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta ábhartha uile;

(g) rannchuidiú le cur chun feidhme bheartas an Aontais um chearta an duine sa réigiún i gcomhar le ISAE um Chearta an Duine, lena n-áirítear Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine, go háirithe Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha chomh maith leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus gach cineál idirdhealaithe ina n-aghaidh a chomhrac, agus beartas an Aontais maidir le Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear trí fhaireachán agus trí thuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí chomh maith le moltaí a cheapadh i ndáil leis sin;

(h) rannchuidiú, i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach trí theagmhálacha a fhorbairt leis na húdaráis agus le gníomhaithe áitiúla eile amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe polaitiúla, mionlaigh, grúpaí reiligiúnacha agus a gceannairí;

(i) ionchur a thabhairt maidir le ceapadh na slándála fuinnimh, na slándála teorann, comhrac na coireachta tromchúisí, lena n-áirítear támhshuanaigh agus gáinneáil ar dhaoine, mar aon leis na gnéithe den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála a bhaineann le bainistiú acmhainní uisce, an comhshaol agus an t-athrú aeráide i ndáil leis an Áise Láir;

(j) an tslándáil réigiúnach san Áise Láir a chur chun cinn i gcomhthéacs láithreacht idirnáisiúnta san Afganastáin a laghdú.

2. Tacóidh ISAE le hobair an Ardionadaí, agus coimeádfaidh sé nó sí forléargas ar ghníomhaíochtaí uile an Aontais sa réigiún.

*Airteagal 4*

**An sainordú a chur chun feidhme**

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó nó di faoi údarás an Ardionadaí.

2. Coimeádfaidh CPS nasc pribhléideach ar bun le ISAE agus is é a bheidh ann mar phríomhphointe teagmhála ISAE leis an gComhairle. Tabharfaidh CPS treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

3. Comhoibreoidh ISEA leis an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus lena ranna ábhartha agus oibreoidh sé nó sí i ndlúthchomhar leo.

*Airteagal 5*

**Maoiniú**

1. Is é EUR 1 885 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 28 Feabhra 2023 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conradh idir ISAE agus an Coimisiún. Beidh ISAE cuntasach don Choimisiún as gach caiteachas.

*Airteagal 6*

**Tiomsú agus comhdhéanamh na foirne**

1. Laistigh de theorainneacha shainordú ISAE agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann a chur le chéile. Áireofar san fhoireann an saineolas maidir le saincheisteanna sonracha beartais de réir mar a cheanglaítear leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas in am agus i dtráth faoi chomhdhéanamh na foirne.

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus SEGS a mholadh go mbeadh foireann ar iasacht ag obair le ISAE. Is é an Ballstát lena mbaineann, institiúid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, faoi seach, a chumhdóidh tuarastal an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí an Aontais nó chuig SEGS a phostú chun oibriú le ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag an bhfoireann idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit seolta, institiúid seolta an Aontais nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh siad a ndualgais agus feidhmeoidh siad chun leas shainordú ISAE.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le roinn ábhartha SEGS, le toscaireachtaí an Aontais chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.

*Airteagal 7*

**Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus fhoireann ISAE**

Déanfar na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú mhisean ISAE chomh maith le comhaltaí foirne ISAE a chomhaontú leis na tíortha óstacha, mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit agus SEGS gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

*Airteagal 8*

**Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais**

Urramóidh ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus na híoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([4]).

*Airteagal 9*

**Rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht lóistíochta**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún, SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

([4]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

2. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais sa réigiún agus/nó na Ballstáit, mar is iomchuí, tacaíocht lóistíochta ar fáil sa réigiún.

*Airteagal 10*

**Slándáil**

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir le sainordú ISAE agus le staid na slándála i réimse na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú a bheidh bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an réimse freagrachta agus laistigh di, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála, agus lena n-áirítear plean teagmhais agus aslonnaithe;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca, mar a cheanglaítear leis na coinníollacha i réimse na freagrachta;

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag foireann ISAE a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra a bheidh ar conradh go háitiúil, roimh theacht i réimse na freagrachta nó ar theacht isteach sa réimse sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don réimse sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile, a dhéantar tar éis measúnuithe rialta slándála, a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a chur ar fáil don Ardionadaí, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na dtuarascálacha rialta ar dhul chun cinn agus na tuarascála cuimsithí críochnaithí.

*Airteagal 11*

**Tuairisciú**

Cuirfidh ISAE tuarascálacha ar fáil go tráthrialta don Ardionadaí agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála. Cuirfidh ISAE tuarascáil faoi bhráid meithleacha de chuid na Comhairle freisin mar is gá. Scaipfear tuarascálacha rialta trí líonra COREU. Féadfaidh ISAE tuarascálacha a chur ar fáil don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. Féadfaidh ISAE a bheith rannpháirteach i bhfaisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.

*Airteagal 12*

**Comhordú**

1. Rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Iarrfar idirchaidreamh leis na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí de chuid roinn gheografach ábhartha SEGS agus leis an gCoimisiún. Cuirfidh ISAE faisnéis rialta ar fáil do mhisin na mBallstát agus do thoscaireachtaí an Aontais.

2. Ar an láthair, leanfar de dhlúthchaidreamh a choimeád le Cinn Mhisin ábhartha na mBallstát agus le Cinn Thoscaireachtaí ábhartha an Aontais. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme acu. Déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

*Airteagal 13*

**Cúnamh i ndáil le héilimh**

Tabharfaidh ISAE agus foireann ISAE cúnamh maidir le heilimintí a chur ar fáil chun freagairt ar aon éilimh agus oibleagáidí a eascraíonn as sainorduithe ISAEnna a bhí ann roimhe seo don Áise Láir agus cuirfidh siad cúnamh riaracháin agus rochtain ar na comhaid ábhartha ar fáil chun na gcríoch sin.

*Airteagal 14*

**Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Ardionadaí, na Comhairle agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 30 Samhain 2022.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES